


# Gairm ar léiriú spéise páirt a ghlacadh in
# Idirphlé na Saoránach Óg –
# bímis freagrach as todhchaí na hEorpa i dteannta a chéile!
# Sibiu, an Rómáin, an 8 Bealtaine 2019

## Céard air a bhfuil an t-imeacht seo dírithe?

Tá Idirphlé Saoránach á eagrú ag an gCoimisiún Eorpach le daoine óga chun todhchaí na hEorpa a phlé ar an 8 Bealtaine, in Sibiu, sa Rómáin. An lá dár gcionn, reáchtálfar Cruinniú Mullaigh le Cinn Stáit agus Rialtais tír an Aontais Eorpaigh. Freastalóidh breis is 300 Eorpach óg as ar fud na hEorpa ar an imeacht seo. Glacfaidh rannpháirtithe páirt i roinnt ceardlann téamach maidir le todhchaí na hoibre, scileanna agus cáilíochtaí, an Eoraip dhigiteach, athrú aeráide, sochaithe cothroma agus cuimsitheacha mar aon le rannpháirtíocht dhaonlathach agus rannpháirtíocht níos fearr na n-óg i gceapadh beartas. Ag deireadh an lae, baileoidh na rannpháirtithe ar fad le chéile chun a smaointe a phlé i rith Idirphlé Saoránach le ceannairí polaitiúla an Choimisiúin Eorpaigh.

## An t-eolas riachtanach

Beidh an t-imeacht ar siúl ar an 8 Bealtaine idir 9.30 agus 18.30, in Ionad Ion Besoiu in Sibiu. Táthar ag súil go mbainfidh na rannpháirtithe Sibiu amach ar an 7 Bealtaine agus go dtabharfaidh siad aghaidh ar an mbaile ar an 9 Bealtaine. Beidh na rannpháirtithe ag fanacht in Alba Iulia (53 km ó Sibiu).

Íocfaidh an Coimisiún Eorpach na costais taistil agus chóiríochta. Eagróidh an Coimisiún Eorpach córas taistil ó d'áit chónaithe chuig Sibiu (turas fillte) agus cuirfidh sé cóiríocht ar fáil duit. Chomh maith leis sin, cuirfidh sé béilí ar fáil agus cinnteoidh sé go mbeidh córas iompair ar fáil idir Alba Iulia agus Sibiu agus idir Alba Iulia agus na haerfoirt in Sibiu agus Cluj-Napoca. Ná déan aon socruithe maidir le cóiríocht nó taisteal!

Reáchtálfar an t-imeacht i mBéarla, Fraincis, Gearmáinis agus Rómáinis. Cuirfidh an Coimisiún seirbhís ateangaireachta go teangacha AE eile ar fáil más gá mar aon le hateangaireacht teanga chomharthaíochta idirnáisiúnta má chuirtear in iúl roimh ré go bhfuil a leithéid ag teastáil.

**An bhfuil tú ag iarraidh páirt a ghlacadh in Idirphlé na Saoránach Óg in Sibiu?**
**Déan d'iarratas anseo**

## Critéar incháilitheachta

- aois 18 -25 (faoin 7 Bealtaine 2019)
- ag maireachtáil san AE (cónaitheoir dlítheanach i gceann de tír an AE)
- Toilteanach tuairimí maidir le todhchaí na hEorpa a chur in iúl